

FORBAIRT BÓTHAIR N22 BAILE BHUIRNE - MAIGH CHROMTHA

NUACHTLITIR - UIMH. 9

Deireadh Fómhair 2022

FÁILTE ROIMH AN 9Ú EAGRÁN DEN NUACHTLITIR

Foilsíodh ár nuachtlitir dheireanach ag deireadh mhí an Mheithimh 2022 agus mar sin tá sé in am anois nuashonrú eile ar dhul chun cinn a dhéanamh.

Mar aon leis an taobh thiar den scéim siar ó Bhóthar Chill na Martra, tá na hoibreacha seo a leanas críochnaithe/seachadta le mionna beaga anuas:

- Tá stráice de bhóthar áitiúil nua ag Tonn Láin tógtha agus oscailte don trácht ginearálta. Bhí an bóthar seo, L-74127, ag teastáil mar go raibh an bóthar nua gearrtha amach ag an mbóthar nua, rud a chruthaigh bóthar cul-de-sac ag an taobh theas d'ailíniú nua an N22. Tá an stráice bóthair nua níos mó ná 600m ar fhaid agus téann sé faoin Droichead Bóthair nuathógtha ar an Tonn Láin.
- Tá an clár pléasctha carraige tugtha chun críche go rathúil anois agus 400,000 méadar ciúbach de charraig á bhaint den ghearradh domhain ag An Sliabh Riabhach, lena mbaineann 27 uimh. pléascadh aonair.
- Tá tionscadal tairneála ithreach ar siúl ar shuíomh an ghearrtha domhain ar an Sliabh Riabhach chun an fána gearrtha carraige seo a chobhsú. Bainfidh sé seo úsáid as tairní ithreach nuair a bheidh sé críochnaithe.
- Tá painéil éadain á bhfeistiú faoi láthair ar an droichead fadréise thar Abha na Biochaille ag an gCeapach Thiar, Baile Bhuirne. Feabhsóidh na painéil seo cuma an struchtúir chríochnaithe le féachaint air.
- Is é an droichead deireanach atá le tógáil ar an scéim ná droichead ardleibhéil ag an Sliabh Riabhach a fhreastalaíonn ar dhá ghabháltas talún atá deighilte ag na hoibreacha. Tá na bunsraitheanna don droichead seo críochnaithe agus tá na háirí coinnréit threisithe curtha ina n-áit anois.
- Tá Fo-dhroichead an tSuláin thar Bhóthar Chill na Martra beagnach críochnaithe anois. Ba é seo an droichead deireanach ar an scéim a d'éiligh go gcuirfí na bíomaí droichead thar bóthar poiblí.
- Tá an bóthar áitiúil L-92206 ag an Sliabh Riabhach ath-ailínithe anois le dul faoi phríomh-ailíniú an N22 ag an bhFo-dhroichead nua-chríochnaithe. Ní mór aitheantas a thabhairt do chomhoibriú na gcónaitheoirí áitiúla le linn na n-oibreacha ceangail.
- Tá fo-dhroichead Shlí Ghaeltacht Mhúscaí curtha chun cinn go maith ag an gCeapach Thiar, mar atá na hoibreacha ar na cosáin nasctha chun nascadh leis an Slí atá ann cheana féin.
- Tá an droichead ar an mbóthar gearr cul-de-sac i gCúil an Bhuacaigh, an L-92204 agus an bóthar rochtana don úinéir talún áitiúil beagnach críochnaithe.



An Sliabh Riabhach



Biochail

Sa dá mhí atá romhainn, i gceann thiar na scéime, tá súil againn na hoibreacha seo a leanas a dhéanamh:

- Leanfaimid leis an droichead ardleibhéil ag an Sliabh Riabhach a chur chun cinn d'fhonn é a chur ar fáil d'úinéirí talún le húsáid.
- Tá súil againn an tairneál ithreach ar na fánaí carraige ag An Sliabh Riabhach a chríochnú.
- Críochnófar Líon-Limistéar uimh. 6 lastoir de Chúil na Cathrach chomh maith le Líon-Limistéar uimh. 7 i gCúil an Bhuacaigh, ag tabhairt na claifoirt suas go leibhéal foirmithe sa dá áit seo.
- Críochnófar agus osclófar an timpeallán nua sa Tonn Láin do thrácht ginearálta.
- Cuirfear suiteáil ghréasán draenála na príomhlíne chun cinn.



An Roinn Iompair
Department of Transport



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

TIIV
Bonnagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland



M
MOTT
MACDONALD

GONS JCL

BARRY
TRANSPORTATION

N22 BAILE BHUIRNE - MAIGH CHROMTHA

I gCuid Thoir na scéime, soir ó Bhóthar Chill na Martra, tá na hoibreacha seo a leanas críochnaithe/seachadta le míonna beaga anuas:

- Tá dul chun cinn an-suntasach déanta ar an gcuid idir Chúil Chomhair agus Carraig an Phúca le míonna beaga anuas, atá anois ag druidim le bheith beagnach críochnaithe. Tá leagan na sraitheanna pábhála bóithre go léir críochnaithe agus suiteáil bacainní lárnacha agus líneáil an bhóthair á dhéanamh faoi láthair. Tá an Córas Srianata Feithicle (VRS) suiteáilte ar an dá thaobh chomh maith. Táthar ar tí tús a chur le suiteáil Comharthaí Bóthair. Tá dul chun cinn maith déanta ar an bhfálú buan chomh maith le tírdhreachtú ar na ciumhaiseanna.
- Scaoilfear an t-uisce dromchla ar fad ón mbóthar nua go Linnte Tanúcháin sula scaoilfear isteach sna sruthchúrsaí é. Tá dul chun cinn maith déanta ar naoi gcinn de locháin tanúcháin sa chuid seo den bhóthar agus tá fála á gcur timpeall orthu faoi láthair.
- Tá sé Bhacainn Timpeallachta maidir le laghdú torainn á gcur ar fáil sa chuid seo, agus tá an chuid is mó díobh sin suiteáilte ag an bpointe seo. Is iad na bacainní is feiceálaí ó bhóithre poiblí faoi láthair ná iad siúd ar Bhóthar Bhéal Átha na Graí i mBaile Uí Bhioráin agus ar Bhóthar Shráid an Mhuilinn ag an nGoirtín Rua.
- Tionscadal suntasach ann féin is ea tógáil an timpealláin nua i gCúil Chomhair agus tá dul chun cinn maith déanta le roinnt míonna anuas. Ba thionscadal an-dúshlánach é seo mar gheall ar an ngá a bhí ann le sruth tráchta a choimeád ag imeacht ar an mbóthar N22 atá ann cheana tríd an láithreán, fad is a bhí na hoibreacha tógála ar siúl. Chiallaigh sé seo go bhfuil Bainistíocht Tráchta Sealadach i bhfeidhm ag láithreacha éagsúla i gCúil Chomhair ó mhí na Bealtaine seo caite. Cé go raibh an Bhainistíocht Trácht Sealadach dúshlánach ó thaobh moilleanna tráchta ginearálta a choinneáil go leibhéil réasúnta, creidimid, ar an iomlán, gur féidir a mheas go bhfuil ag éirí leis an tionscadal agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don chomhoibriú iontach a fuairamar ó úsáideoirí bóithre a ghabh tríd na hoibreacha i gCúil Chomhair i rith an tsamhraidh.



Cill na nGoirtín

Sa dá mhí atá romhainn, i gceann Thoir na scéime, tá súil againn na nithe seo a leanas a chur i gcrích:

- Críoch shubstantiúil a bheith curtha leis an gcuid ó Chúil Chomhair go Carraig an Phúca, Iniúchadh ar Shábháilteacht Bhóithre a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna a thagann chun cinn.
- Leanfar ar aghaidh le hoibreacha chun an mBonn Bóthair agus an Bonn agus na sraitheanna ceanglóra Macadam a leagan sa limistéar seo chomh maith, agus é ar intinn iad a bheith críochnaithe agus réidh don sraith dromchla faoi dheireadh mhí na Samhna.



Cúil Chomhair

CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN:

R-PHOST
INFO@N22BBM.IE

TEILEAFÓN

087 458 1555
FREAGRÓFAR LE LINN GNÁTH UAIREANTA
OIFIGE, NÓ FÁG TEACHTAREACHT

SUÍOMH

WWW.N22BBM.IE

SEOLADH

Oifigí Láithreáin N22 BBM,
Bóthar Shráid an Mhuilinn,
Maigh Chromtha,
P12 VX03